



Coláiste Ailigh

Cnoc na Móna
Leitir Ceanainn
Tír Chonaill

Uimhir Rolla 7608IF

Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

Tréimhse na Tuairisce: *Lúnasa 2019 – Meán Fómhair 2020*

Dáta eisiúna na tuairisce: 5 Samhain 2020

An English Language summary is provided at the end of this document

Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

Rinneadh féinmheastóireacht ar an teagasc agus ar an fhoghlaim i gColáiste Ailigh le linn na tréimhse Lúnasa 2019 go dtí Márta 2020. Chuir foireann na scoile Plean Feabhsúcháin Scoile (PFS) i bhfeidhm le béim ar leith ar Litearthacht na Gaeilge, ar an Litearthacht Bhéil, ar an Uimhearthacht agus ar ghnéithe eile den teagasc agus den fhoghlaim. Ar an drochuair, nuair a druideadh scoileanna na tíre ar an 12 Márta 2020 de bharr Covid 19, tháinig deireadh leis an phróiseas féinmheastóireachta.

Faoin 12 Márta, bhí na gníomhaíochtaí a bhí i bPFS 2019-2020 á gcur i bhfeidhm, ach ní raibh suirbhé déanta ar na múinteoirí agus ar pháirtithe eile an Oideachais chun féinmheastóireacht mar is ceart a dhéanamh ar na bearta ar tugadh fúthu.

Bhí, áfach, mórshuirbhé déanta ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí, ar dhaltaí agus ar an bhainistíocht maidir leis an teagasc agus foghlaim i gColáiste Ailigh i bhFeabhra 2020, agus bhí sé i gceist ag an scoil úsáid a bhaint as an eolas seo chun pleananna feabhsúcháin scoile don trí bhliain romhainn a dhearadh. Mar sin féin, ní raibh fail ag an fhoireann spriocanna a roghnú do 2020-2021 nó aon PFS a chur le chéile don scoilbhliain sin.

I Lúnasa 2020, nuair a d'oscail an scoil an athuair, shocraigh an fhoireann teagaisc go mbunófaí PFS 2020-2021 ar dhá rud: a) folláine na ndaltaí agus na múinteoirí agus b) scileanna teicneolaíochta. Ba é an réasúnaíocht a bhain leis seo ná: I bhfianaise na géarcheime sláinte a bhaineann le Covid 19, measadh é a bheith den fhíorthábhacht plean cinnte a bheith ag an scoil maidir le sláinte agus folláine an phobail scoile. Mar chuid de sin, measadh go raibh sé an-tábhachtach cur le scileanna teicneolaíochta na múinteoirí sa dóigh is go laghdófaí an méid oibre i gcóipleabhair a dhéanfadh na ndaltaí agus go mbeadh an fhoireann teagaisc ábalta agus réidh le tabhairt faoin chianfhoghlaim dá mbeadh gá leis sa scoilbhliain 2020-2021.

Socraíodh, mar sin, na tuairimí agus moltaí a rinne páirtithe an oideachais i gColáiste Ailigh i mí Feabhra a choinneáil bliain eile agus iad a úsáid mar bhunús do PFS 2021-2022 agus go ndíreofaí ar na na réimsí seo don scoilbhliain 2020-2021: **Scileanna TFC agus Straitéisí chun Sláinte agus Folláine Phobal Choláiste Ailigh a chinntiú.**

1.2 Comhthéacs na scoile

Is gaelcholáiste pobail measctha é Coláiste Ailigh. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2000 le freastal ar scoláirí i mbaile Leitir Ceanainn agus sa cheantar máguaird ar mhaith leo a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Bhí 279 scoláire ag freastal ar an scoil ar an 1 Meán Fómhair 2020. Thosaigh 55 sa Chéad Bhliain agus astu sin, tháinig 53 ón ghaelscoil áitiúil nó ó bhunscoileanna Gaeltachta. Rinne 2 dhalta freastal ar bhunscoileanna ina ndearnadh an teagasc trí Bhéarla.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide agus oibre na scoile. Cuirtear an-bhéim ar an Ghaeilge mar theanga chaidrimh na foirne, na scoláirí agus pobal na scoile. Múintear gach ábhar trí mheán na Gaeilge (seachas na teangacha iasachta) agus úsáidtear an Ghaeilge ag gach ócáid scoile taobh istigh agus taobh amuigh den scoil. Ní gaeilgeoir gach tuismitheoir agus, ar an ábhar, sin déantar cuid d'obair na scoile (cruinnithe tuismitheoirí, mar shampla) trí mheán an Bhéarla nuair is gá.

Leanann gach scoláire cúrsa trí bliana sa tSraith Shóisearach agus dhá bhliain sa tSraith Shinsearach (Gairmchlár na hArdteistiméireachta san áireamh). Bíonn rogha ag scoláirí an Idirbhliain a dhéanamh. Roghnaíonn tromlach na ndaltaí cúrsa na hIdirbhliana a dhéanamh.

1.3 Bailiú na Fianaise

Mar gheall ar dhúnadh na scoileanna go luath i Mí Márta 2020, cuireadh isteach go mór ar bhailiú fianaise don scoilbhliain 2019-2020.

I mí Feabhra, rinneadh mórshuirbhé ar pháirtithe uile an oideachais i gColáiste Ailigh. Agus é ag obair i dteannta leis an phríomhoide agus le bainistíocht shinsearach na scoile agus bunaithe ar an doiciméad *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 – Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna*, a d'eisigh an Chigireacht, dhear an múinteoir a bhfuil cúram na féinmheastóireachta air ceithre cheistneoir le cur ar pháirtithe éagsúla na scoile.

- Cuireadh ceistneoir ar **mhúinteoirí na scoile** faoin dearcadh atá acu ar an fhoghlaim agus teagasc i gColáiste Ailigh.
- Cuireadh ceistneoir ar na **daltaí** le heolas a bhailiú faoin dearcadh atá acu féin ar an fhoghlaim agus teagasc agus ar ghnéithe eile a bhaineann leis an saol s'acu ar scoil.
- Cuireadh ceistneoir ar **thuismitheoirí na scoile** le heolas a bhailiú faoin dearcadh a bhí acu féin ar an fhoghlaim agus teagasc sa scoil, ar bhainistiú na scoile agus ar ghnéithe eile a bhain le hobair na scoile.
- Cuireadh ceistneoir ar **bhainistíocht na scoile** (Bord Bainistíochta, PO/POT agus na postshealbhóirí) chun a gcuid tuairimí a fháil.
- Cuireadh scrúdú inniúlachta CATs ar dhaltaí na Chéad Bhliana agus cuireadh an t-eolas seo ar fáil d'fhoireann teagasc na scoile.
- Chuir fochoiste TFC moltaí le chéile maidir le cur chun cinn úsáid na teicneolaíochta sa scoil.
- Rinneadh múinteoirí aonair anailís ar thorthaí na scoláirí sna scrúduithe stáit sna hábhair s'acu féin, ach **níor cruinníodh** an t-eolas seo ar fad le chéile.
- **Níor bailíodh** eolas ó na múinteoirí i dtaobh chur i bhfeidhm PFS 2019-2020, ar an ábhar gur druideadh an scoil sula raibh faill againn sin a dhéanamh.
- Cuireadh suirbhé ar líne ar theaghlaigh na scoile i mí Bhealtaine, agus bailíodh eolais faoin eispéireas a bhí acu ar an teagasc agus foghlaim ar líne. Fuarthas freagra ó 137 teaghlach.
- Bhailigh foireann tréadchúraim na scoile eolas agus tuairimí ó na daltaí idir Márta-Bealtaine 2020 maidir le strus agus meabhairshláinte.

Cé gur réitíodh tuairisc ar an mhórshuirbhé, níor eisíodh é seo ar na múinteoirí agus ní raibh seans ag an fhoireann scrúdú a dhéanamh air. Socraíodh go n-úsáidfí an t-eolas ann chun PFS a chur le chéile don scoilbhliain 2021-2022 agus don dhá bhliain ina dhiaidh sin.

I bhfianaise ghéarchéim náisiúnta Covid 19, comhairle ó NPHET, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An Roinn Oideachais agus Scileanna, tháinig foireann na scoile le chéile ag deireadh na scoilbhliana (Cruinniú Zoom) agus bhí dhá lá de chruinnithe acu ag deireadh mhí Lúnasa sa scoil féin agus shocraigh siad, ar bhonn éigeandála, go ndíreofaí go sonrach ar fholláine agus sláinte phobal na scoile agus ar fhorbairt na teicneolaíochta mar áis teagasc agus foghlama don scoilbhliain 2020-2021. Bailíodh eolas agus tuairimí ó na múinteoirí ag na cruinnithe sin.

2. Na tátail

Seo a leanas cáilíocht an chleachtais maidir leis na trí fhothéamaí meastóireachta:

**Torthaí
Foghlaimera**

**Cuspóirí ábhair a
bhaint amach**

**Gnóthachtáil
Dul chun cinn
Scileanna**

**Dearcthaí
Eolas**

- A. D'éirigh go maith le mórchuid na ndaltaí leis an teagasc ar líne a tharla idir Márta agus Bealtaine 2020.
- B. Aithníodh go raibh deacrachtaí ag roinnt daltaí le trealamh fóirsteanach agus le teacht sásúil ar an idirlíon.
- C. Ní raibh gach múinteoir go hiomlán ar a chompond le húsáid na teicneolaíochta nó eolach ar na bealaí is fearr chun í a úsáid.
- D. Bhí líon beag daltaí ann nach ndeachaigh i ngleic ar bhealach fiúntach leis an teagasc ar líne a tharla idir Márta-Bealtaine 2020.

Eispéireas Foghlama

**Timpeallacht foghlama
Rannpháirtíocht
Ag foghlaim conas
foghlaim**

**Gníomhach
Comhoibríoch
Dúshlánach
Inspreagadh**

- A. Tá fianaise ann go raibh cuid de na daltaí, go háirithe na daltaí sin a bhí i ranganna scrúduithe faoi strus idir Márta - Meitheamh 2020.
- B. Thug 89.8% de na teaghlaigh le fios go raibh teacht sásúil acu ar an idirlíon. Thug 10.2% le fios go raibh an teacht a bhí acu ar an idirlíon olc nó iontach olc.
- C. Thug 80.3% de na teaghlaigh le fios go raibh go leor gléasanna/ríomhairí acu le tabhairt faoin chianfhoghlaim. 19.7% a dúirt nach raibh.
- D. Thug 4.4% de na teaghlaigh le fios go raibh cúiseanna sláinte ann a dhéanfadh an filleadh ar an scoil deacair dóibh.
- E. Dúirt 90% de na teaghlaigh go raibh deacsanna, cathaoireacha etc fóirsteanach ag na daltaí sa bhaile.

Cleachtas múinteoirí

**Ullmhúchán don teagasc
Cur chuige teagaisc
Bainistíocht páistí
Measúnacht**

**Le cuspóir
Luas
Cuir chuige
Difreáil
Measúnú**

- A. Tá an fhoireann teagasc sásta úsáid a bhaint as an teicneolaíocht nua-aimseartha chun cur leis an teagasc i gColáiste Ailigh.

- B. Tá léibhéil éagsúla scileanna ag múinteoirí maidir le TFC.
- C. Tá roinnt múinteoirí sásta a gcuid scileanna TFC a roinnt ar fhoireann teagaisc na scoile.
- D. Aithníonn na múinteoirí go bhfuil gá le tuilleadh traenála chun cur lena scileanna TFC.
- E. Aithníonn na múinteoirí go bhfuil dúshlán le sárú maidir leis an mheasúnú ar líne.

3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo

Chuir an scoil DEICH sprioc roimpi féin i bPlean Feabhsúcháin Scoile 2019-2020:

- A. Líon na múinteoirí a thugann agus a mhíníonn cruinnúsáid téarmaí a ardú ó 50% go 70%. **Ós rud é nach ndearna suirbhé ar na múinteoirí ar an cheist seo roimh Mhárta 2020, níl aon fhianaise againn cé acu ar baineadh nó nár baineadh an sprioc seo amach.**
- B. Líon na múinteoirí a bhaineann úsáid as an 3 théarma aontaithe san Aimsir Fháistineach a bheidh socraithe ag a Roinn a ardú ó 63% go 80%. **Ós rud é nach ndearna suirbhé ar na múinteoirí ar an cheist seo roimh Mhárta 2020, níl aon fhianaise againn cé acu ar baineadh nó nár baineadh an sprioc seo amach.**
- C. 90% de na múinteoirí a bheidh ag scríobh an dáta ar an chlár bhán gach maidin. **Cé nár cuireadh suirbhé ar na múinteoirí, tá fianaise imthoisceach ann go raibh seo ag tarlú agus go raibh an dáta á scríobh ag nach mór na múinteoirí ar fad ar an chlár bhán gach lá.**
- D. An céatadán de na múinteoirí a chuireann béim rialta ar an téarma 'iolrú' a ardú go 100%. **Ós rud é nach ndearna suirbhé ar na múinteoirí ar an cheist seo roimh Mhárta 2020, níl aon fhianaise againn cé acu ar baineadh nó nár baineadh an sprioc seo amach.**
- E. An céatadán de na múinteoirí a thugann ar a gcuid daltaí a gcuid céatadán féin a oibriú amach a ardú ó 59.1% go 70%. **Ós rud é nach ndearna suirbhé ar na múinteoirí ar an cheist seo roimh Mhárta 2020, níl aon fhianaise againn cé acu ar baineadh nó nár baineadh an sprioc seo amach.**
- F. Feasacht na ndaltaí maidir leis an úsáid a bhaineann siad as mata in ábhair eile a ardú. **Eagraíodh Seachtain na Matamataice i nDeireadh Fómhair 2019 agus ghlac chóir a bheidh gach múinteoir agus rang páirt ann. Maisíodh doirse na seomraí ranga le heolas matamaiticiúil agus bhunaigh na múinteoirí ar a laghad ceacht amháin ar an mhata. Is féidir a rá gur éirigh leis an scoil an sprioc seo a bhaint amach.**
- G. Líon an múinteoirí a úsáideann measúnú ó bheal ag scrúdú na Nollag dá gcuid ranganna ar fad sa Chéad agus sa Dara Bliain a ardú go 60%. **Cé nár cuireadh suirbhé ar na múinteoirí ar an cheist seo, bhí sé le feiceáil i scrúduithe na Nollag go raibh seo ag tarlú agus gur cuireadh scrúdú ó bhéal ar mhórchuid na ranganna sa Chéad agus sa Dara Bliain. Ní thig linn a bheith cinnte faoin chéatadán, ach is dócha gur éirigh leis an scoil spiorad na spríce seo a bhaint amach.**
- H. An Teimpléad Measúnaithe do na scrúduithe ó bhéal a bheidh in úsáid ag 60% de na múinteoirí. **Cuireadh an teimpléad seo ar fáil do gach múinteoir ach ós rud é nach ndearna suirbhé ar na múinteoirí roimh Mhárta 2020, ní féidir linn a rá gur baineadh an sprioc seo amach.**

- I. Teanga aontaithe foghlama a bheith ag, agus in úsáid ag an fhoireann. **Chuir fochoiste liosta le chéile de théarmaí aontaithe a bhaineann leis an fhoghlaim agus scaipeadh ar na múinteoirí é. Níor cuireadh suirbhé ar na múinteoirí roimh 12 Márta agus ní féidir a rá cé chomh minic is a d'úsáid na múinteoirí é.**
- J. Go ndéanfaí múinteoir aonair/roinn múinteoirí cur i láthair deonach ag cruinnithe Pháirc an Chrócaigh ar an TFC nó ar straitéisí foghlama, agus go dtarlódh seo ar a laghad 4 huairé i rith na bliana. **Tharla seo dhá uair roimh an Nollaig agus arís bhí diansheisiún traenála ag an fhoireann ar fad in úsáid TFC agus straitéisí teagaisc ar líne go díreach roimh dhúnadh na scoileanna i Márta 2020. D'éirigh leis an scoil an sprioc seo a bhaint amach.**

4. Achoimre ar thátail na féinmheastóireachta scoile

4.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

- a) Tá mórchuid na ndaltaí agus na múinteoirí compordach leis an teicneolaíocht mar áis teagaisc.
- b) Tá tacaíocht mhaith ag an scoil ó na tuismitheoirí, agus tá teacht ag mórchuid na dteaghlach ar fhearas ríomhaireachta agus ar an idirlíon.
- c) Tá scileanna maithe ríomhaireachta ag roinnt de na múinteoirí agus tá siad toilteanach na scileanna seo a roinnt le múinteoirí agus le daltaí.
- d) Tá dearcadh dearfach ag múinteoirí agus ag daltaí maidir le sláinte phobal na scoile.
- e) Tá fearas maith sláintíochta ag an scoil agus córas soiléir maidir le sláinte agus sábháilteacht.

4.2 Tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin

- Cur le scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí.
- Bealach a fháil chun daltaí nár ghlac páirt fhiúntach sa chianfhoghlaim a spreagadh le dul i ngleic leis an teicneolaíocht ar bhealach níos fearr.
- Córas a fhorbairt le go mbeidh daltaí a bhfuil deacrachtaí sláinte nó eile ábalta a bheith ag foghlaim ón bhaile.
- Cúram a thabhairt do mheabhairshláinte na ndaltaí agus na múinteoirí.
- Córas a fhorbairt a chinnteoidh sláinte agus folláine phobal uile na scoile.

4.3 Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reachtúla agus rialachais seo a leanas:

- Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe.

Plean Feabhsúcháin Scoile Choláiste Ailigh, 2020-2021

Tá Coláiste Ailigh ag feidhmiú go maith ach aithnímid go bhfuil roinnt réimsí ar ar féidir linne mar fhoireann feabhas a chur ar ghníomhú éifeachtach na scoile.

Spriocanna Feabhsúcháin 2020-2021:

- Cur le scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí.
- Bealach a fháil chun daltaí nár ghlac páirt fhiúntach sa chianfhoghlaim a spreagadh le dul i ngleic leis an teicneolaíocht ar bhealach níos fearr.
- Córas a fhorbairt le go mbeidh daltaí a bhfuil deacrachtaí sláinte nó eile acu ábalta a bheith ag foghlaim ón bhaile.
- Cúram a thabhairt do mheabhairshláinte na ndaltaí agus na múinteoirí.
- Córas a fhorbairt a chinnteoidh sláinte agus folláine phobal uile na scoile.

Gníomhartha a chuirfear i bhfeidhm:

GNÍOMH 1

Gníomh	Bainfear úsáid as <i>VShare</i> chun tinreamh/easpa tinrimh na ndaltaí a chlárú.
Freagrach	Príomhoide Tánaisteach
Fráma Ama	Beidh an córas i bhfeidhm go hiomlán roimh Aibreán 2021
Critéir Ratha	Bainfidh ar a laghad 50% de thuismitheoirí daltaí a bhí as láthair úsáid as <i>VShare</i> chun asláithreachais a chlárú leis an scoil agus beidh 80%+ de na múinteoirí ag glacadh an rolla do Rang 2 agus do Rang 6.

GNÍOMH 2

Gníomh	Cuirfear clár/scarbhileog ar fáil ar féidir le múinteoirí a úsáid le fadhbanna TFC a chlárú.
Freagrach	Seosamh Mac Ceallabhuí
Fráma Ama	Roimh Nollaig 2020
Critéir Ratha	Beidh 80% de na múinteoirí a mbeidh fadhbanna acu le TFC ag baint úsáid as an chlár/scarbhileog chun a gcuid fadhbanna a chlárú.

GNÍOMH 3

Gníomh	Cuirfear traenáil ar fáil don fhoireann ar an dóigh le tascanna a chur agus a cheartú ar <i>Edmodo</i> agus chun aiseolas a thabhairt air. Cuirfear traenáil ar fáil ar <i>Google Hangouts</i> fosta mar ullmhúchán don chianteagasc a d'fhéadfadh tarlú arís ar fhógra luath.
Freagrach	Shane Ó Breacáin, Aodán de Búrca agus Blaine Ó Maolagáin
Fráma Ama	Roimh Aibreán 2021
Critéir Ratha	Tabharfaidh 80%+ de na múinteoirí le fios gur féidir leo a gcuid oibre a dhéanamh ar <i>Edmodo</i> agus gur féidir leo teagasc a dhéanamh ón bhaile.

GNÍOMH 4

Gníomh	Eagrófar lón sa scoil do na múinteoirí ar an Aoine uair sa mhí.
Freagrach	Helen Ní Cheallaigh agus Méabha Ní Chailín
Fráma Ama	Deireadh Fómhair 2020 - Bealtaine 2021
Critéir Ratha	Tabharfaidh na múinteoirí le fios i gceistneoir ag deireadh na bliana go bhfuil atmaisféar níos fearr sa scoil.

GNÍOMH 5

Gníomh	Bunófar club cultúrtha/sóisialta ar nós club leabhair do na múinteoirí.
Freagrach	Maria Uí Róis
Fráma Ama	Samhain 2020 - Bealtaine 2021
Critéir Ratha	Glacfaidh 50% de na múinteoirí páirt ann.

GNÍOMH 6

Gníomh	Cuirfear na treoracha iomlán ó NPHET agus FSS maidir le Covid 19 i bhfeidhm sa scoil.
Freagrach	Pobal uile na scoile; An tOifigeach Covid 19
Fráma Ama	Meán Fómhair 2020 - Meitheamh 2021
Critéir Ratha	Beidh fearas sláinteachais ar fáil sa scoil, beidh ráta 100% de chaitheamh masc sa scoil, beidh scaradh sóisialta i bhfeidhm, leasófar cód iompair na scoile.

Dátaí athbhreithnithe

Cuirfear ceistneoir/seicliosta chuig gach múinteoir i mí Feabhra/Márta 2021 chun tuairimí agus aiseolas a fháil agus chun cuidiú le hathbhreithniú.

Déanfar athbhreithniú iomlán ar an phlean seo in Aibreán 2021.

Aguisín 1

Seicliosta Reachtaíochta agus Rialála

Saincheist	Reachtaíocht, riail nó imlitir chúí	An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreach cúí?			Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt
		2017-18	2018-19	2019-20	
Clárú bailí scoláirí	M51/93	Tá	Tá	Tá	
Am sa scoil - Fad na scoilbhliana (íosmhéid 167 lá do gach bliainghrúpa) - Fad na scoilseachtaine (íosmhéid 28 uair an chloig do gach bliainghrúpa)	Imlitir M29/95	Tá	Tá	Tá	
Caihteánú na scoilbhliana	Ciorclán 034/2011	Tá	Tá	Tá	
Socruithe do chruinnithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí agus cruinnithe foirne	Imlitir M58/04	Tá	Tá	Tá	
Straitéis Náisiúnta Litearthachta a chur i bhfeidhm	Ciorclán 25/12	Tá	Tá	Tá	
Comhaontú Pháirc an Chrócaigh i dtaca le ceanglas an ama bhreise a chur i ngníomh	Ciorclán 025/2011	Tá	Tá	Tá	
Plean Scoile a chur le chéile	Alt 21 den Acht Oideachais 1998	Tá	Tá	Tá	
Soláthar treorach i scoileanna dara leibhéal	Imlitir PPT12/05, An tAcht Oideachais 1998 (alt 9(c))	Tá	Tá	Tá	
Plean treorach na scoile uile	Alt 21 den Acht Oideachais 1998	Tá	Tá	Tá	
OSSP a sheachadadh ar gach rang sa tsraith shóisearach	Imlitir M12/01 Imlitir M13/05	Tá	Tá	Tá	
Díolúine ar staidéar ar an nGaeilge	Imlitir M1 0/94	N/B	N/B	N/B	Ní bhaineann le hábhar
Struchtúir athbhreithnithe bainistíochta inscoile a chur i ngníomh	Imlitir M29/02, Imlitir 21/98, Imlitir 30/97, Imlitir 29/97	Tá	Tá	Tá	
Maolú srianta ar phoist freagrachta a líonadh don scoilbhliain 2011/12	Ciorclán 53/11	N/B	N/B	N/B	Ní bhaineann le hábhar
Comhaontú seirbhíse poiblí (Páirc an Chrócaigh) - cúntóirí riachtanas speisialta	Ciorclán 71/11	Tá	Tá	Tá	
Tuismitheoirí ina gcomhpháirtithe san oideachas	Imlitir M27/91	Tá	Tá	Tá	

Saincheist	Reachtaíocht, rial nó imlitir chúí	An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreach cúí?			Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt
		2017-18	2018-19	2019-20	
Nósanna imeachta cosanta leanaí a chur i ngníomh	Imlitir 65/11	Tá	Tá	Tá	
	Eolas i dtaca le cosaint leanaí				
	• Líon na gcásanna ar chuir an Teagmhálaí Ainmnithe (TA) tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid an HSE	0	0	0	
	• Líon na gcásanna ar chuir an TA tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid an HSE agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi	0	0	0	
	• Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ón HSE agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin	1	1	1	
	• Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ón HSE agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi	1	1	1	
Nósanna imeachta chun gearán a dhéanamh a chur i bhfeidhm mar is cúí	Alt 28 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le gearáin a rinne tuismitheoirí i rith na scoilbhliana.				
	• Líon na ngearán oifigiúil a rinne tuismitheoirí	2	2	1	
	• Líon na ngearán oifigiúil a próiseáladh	1	0	1	
• Líon na ngearán oifigiúil nár próiseáladh ina n-iomláine faoi dheireadh na scoilbhliana seo	1	2	0		
Diúltú do chlárú	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo				
	• Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a próiseáladh ag céim neamhfhoirmiúil	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a éistíodh	0	0	0	
• Líon na n-achomharc a ceadaíodh	0	0	0		
• Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh	0	0	0		

Scoláirí a chur ar fionraí	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo.				
	• Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29	1	0	0	
	• Líon na gcásanna a próiseáladh ag céim neamhfhoirmiúil	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a éistíodh	1	0	0	
	• Líon na n-achomharc a ceadáíodh	0	0	0	
Scoláirí a dhíbirt ón scoil	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo				
	• Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a próiseáladh ag céim neamhfhoirmiúil	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a éistíodh	0	0	0	
	• Líon na n-achomharc a ceadáíodh	0	0	0	
	• Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh	0	0	0	

Aguisín 2

Seicliosta Polasaithe

Polasaí	Foinse	An bhfuil an polasaí ceadaithe ag an Bhord Bhainistíochta?	Muna bhfuil, cad iad na gnéithe atá le forbairt?
Polasaí rollaithe	<i>Alt 15 (2) (d) An tAcht Oideachais, 1998</i>	Tá	
Cód iompair, polasaí frithbhulaíochta san áireamh.	<i>Imlitir 20/90 Treoirlínte na Roinne Oideachais ar Iompar Bulaíochta a chosc, 1993 Treoirlínte BNLO Alt 23, An tAcht Leasa Oideachais 2000</i>	Tá	
Straitéis tinrimh agus Rannpháirtíochta.	<i>Alt 22, An tAcht Oideachais (Leas) 2000</i>	Tá	

	<i>Achtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2011</i>		
Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta	<i>Alt 20, An tAcht Sláinte agus Sábháilteachta, 2005</i>	Tá	
Cosaint Sonraí	<i>An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988</i> <i>An tAcht um Chosaint Sonraí (Acht Leasaithe), 2003</i>	Tá	
Polasaí maidir le riachtanais speisialta oideachais.	<i>An tAcht Oideachais, 1998</i> <i>Achtanna um Stádas Comhionann (2000 – 2011)</i> <i>An tAcht Oideachais (Leas), 2000</i> <i>An tAcht um Oideachas do dhaoine le riachtanais speisialta oideachais (EPSEN), 2004</i> <i>An tAcht Míchumais, 2005</i>	Tá	
Polasaí don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta	<i>Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta: Treoirlínte Polasaí (1997)</i>	Tá	
Polasaí maidir le cosaint leanaí	<i>Imlitir 0065/2011</i>	Tá	
Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe	<i>Imlitir 24/91</i>	Níl	Ag tarlú ach níl aon pholasaí scríofa ann.
Comhaontú na seirbhíse poiblí (Páirc an Chrócaigh) – cúntóirí riachtanais speisialta.		Níl	Ag cloí leis ach níl aon pholasaí scríofa ann.
Polasaí Staidéir		Tá	
Polasaí Gaeilge		Tá	
Polasaí Teagmhais Chriticiúla		Tá	
Polasaí Curaclaim Bhreise		Tá	
Polasaí Gearáin		Tá	
Polasaí Measúnaithe		Tá	
Polasaí Taistil		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.
Polasaí OSPS		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.
Polasaí Teagasc Críostaí		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.

Coláiste Ailigh - School Self-Evaluation, 2019-2020

Summary of findings

Every year the school undertakes a process of self-evaluation in order to ascertain strengths and weaknesses in the school, especially in the area of learning and teaching. Information is gathered and analysed and based on that information, the school agrees a School Improvement Plan (SIP) for the following school year. This plan seeks to build on strengths and improve on weaknesses.

As of 1 September 2020, there were 279 pupils in Coláiste Ailigh. 55 students started in First Year and all of those except for 2 attended a gaelscoil or a national school in a Gaeltacht area.

Gathering of information

Because of the national Covid 19 emergency, the normal operation of information gathering was interrupted during the school year 2019-2020. Some information had been collected (CATs, analysis of state exam results) and the school had completed a major survey of parents, teachers, students and management in February 2020. However, this information had not been analysed properly before 12 March, when all schools in the country were closed. Likewise, it was not possible to survey the teachers in order to properly complete a self evaluation of the SIP for 2019-2020.

Nevertheless, efforts were made to collect information from students, teachers and parents, regarding difficulties they may have been experiencing with health or technology and to collect suggestions from them.

The teaching staff met online at the end of May and again for meetings over two days at the end of August and information, opinions and suggestions were collected at these meetings.

Results

Under the heading of Learning Outcomes, the following was noted:

1. Most students adapted well to remote learning between March and May 2020.
2. It was recognised that some students had difficulties due to lack of proper equipment or internet access.
3. Not all teachers were comfortable with teaching remotely or aware of the best ways to use technology.
4. There was a small number of students who did not engage with remote learning in a meaningful way.

Under the heading of Learning Experience, the following was noted:

1. There is evidence that some of the students, especially those in exam classes, experienced significant levels of stress between March-June 2020.
2. 89.8% of families said that they had satisfactory, good or very good access to the internet. 10.2% said their internet connectivity was bad or very bad.
3. 80.3% of families said that they had enough devices and equipment to engage with remote learning, 19.7% had not.
4. 4.4% of families said that there were health reasons which would make a return to school difficult.
5. 90% of families reported that students had adequate chairs, desks etc to engage with remote learning.

Under the heading of Teacher Practice, the following was noted:

1. The teaching staff are willing to use modern technology to enhance the learning experience in Coláiste Ailigh.
2. There are varying levels of ICT skill amongst the teachers.
3. Some teachers are highly skilled in the effective use of ICT and are willing to share their expertise with the rest of the staff.
4. Teachers recognise that there is a need for further training to improve their ICT skills.
5. The teachers recognise that there are challenges to overcome regarding on-line assessment.

Because of the current Covid 19 pandemic, it was decided that the SIP and the focus for school self-evaluation for 2020-2021 would concentrate on two areas: **the further development of ICT skills and methodologies** and **the health and wellbeing of students and staff**.

Progress in previously identified improvement goals

In the School Improvement Plan 2019-2020, ten goals were identified:

1. To raise the percentage of teachers who explain the correct usage of various terms from 50% to 70%. **Since the teachers had not been surveyed before March 2020, there is no available evidence to show whether or not this goal was achieved.**
2. The percentage of teachers using the 3 agreed terms in the Future Tense to be raised from 63% to 80%. **Since the teachers had not been surveyed before March 2020, there is no available evidence to show whether or not this goal was achieved**
3. 90% of the teachers to write the date on the white board every morning. **Although a survey was not carried out, there is circumstantial evidence to show that this was happening and that the date was displayed every day in every classroom.**
4. To raise the percentage of teachers who regularly emphasise the term 'íolrú' to 100%. **Since the teachers had not been surveyed before March 2020, there is no available evidence to show whether or not this goal was achieved.**
5. To raise the percentage of teachers who require their students to work out their own percentages in class tests from 59.1% to 70%. **Since the teachers had not been surveyed before March 2020, there is no available evidence to show whether or not this goal was achieved.**
6. To raise student awareness of how Maths is used in all other subjects. **A Maths Week was organised in October 2019 agus all teachers took part. The doors of all classrooms were decorated with mathematical information relevant to a particular subject and teachers taught at least one class in their subject which had a mathematical theme. This goal was achieved.**
7. To increase the percentage of teachers who use oral assessment as part of the Christmas tests for First and Second Years to 60%. **Although teachers were not surveyed, it was to be seen in the Christmas Tests that this did happen in most classes. Although, no percentage figure is available, the spirit of this goal has been achieved.**
8. That at least 60% of the staff would use an assessment template for oral exams. **The template was provided to all teachers, but without a survey, it is impossible to say whether this goal was achieved.**
9. That agreed terminology regarding learning and assessment would be used by all teachers. **A sub-committee provided all teachers with a list of agreed terms, but because there was no survey carried out, it is impossible to ascertain whether this goal was achieved.**
10. That individual teachers or groups of teachers would share their ICT knowledge or learning strategies 4 times during the year with the other teachers. **This happened twice before Christmas 2019 and there was intensive training in ICT and remote learning strategies**

provided for the staff in the days before the school closed in March 2020. This goal was achieved.

Summary of the conclusions:

The following were identified as strengths:

- a) Most teachers and students are comfortable with using technology as a learning aid.
- b) The parents are very supportive and most families have adequate computing equipment and internet access.
- c) Some teachers have excellent ICT skills and are happy to share this knowledge.
- d) Students and teachers have a positive attitude to the health of the school community.
- e) The school has good hygiene equipment and a clear system for ensuring the health and safety of all.

The following were identified as areas of possible improvement:

- a) Teachers' computer and technology skills could be further improved.
- b) Ways could be explored to encourage and facilitate students who didn't engage with remote learning in a meaningful way.
- c) A system could be developed whereby students who can't physically attend classes can be facilitated to learn at home.
- d) Extra attention could be given to the mental health of teachers and students.
- e) A system to ensure the continued health and wellbeing of the whole school community could be further developed.

Having considered all of the above, the staff met in sub-committees and as a full staff to put together recommendations for a School Improvement Plan for 2020-2021. This can be found on pages 7-9 of this document. It seeks to address the above issues and build on established good practice.

Aguisín 1 (Appendix 1) is a list of the legislative and regulatory requirements to which the school adheres.

Aguisín 2 (Appendix 2) is a list of school policies.

